


Gníomhaíocht Daltaí: Cáin Bhreisluacha (CBL) a Iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'CBL', ar CD an Dalta.



1. Cosnaíonn éadaí €200 roimh CBL, agus gearrtar CBL orthu ar ráta 20%. Cé mhéad a chaithfidh an custaiméir a íoc? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

2. Cosnaíonn ceamara €238.95 agus tá CBL ar 18% san áireamh sa phraghas. Céard é an praghas roimh an CBL, don cent is gaire? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

3. Cosnaíonn foireann DVDanna €162.25 agus tá CBL ar ráta 18% san áireamh sa phraghas. Cén méid CBL a d'íoc an custaiméir? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

4. Tá an ráta CBL imithe in airde ó 12% go dtí 21%.
 - a. Cé mhéad sa bhreis a chaithfidh duine a íoc ar theilifiseán a chosain €350 gan an CBL san áireamh? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

- b. Cé mhéad sa bhreis a chaithfidh custaiméir a íoc ar Nintendo a chosain €130 gan CBL? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

5. Dar le Seosamh “Dá mhéad a chosnaíonn rud is ea is mó CBL a bhíonn le híoc air.” An bhfuil an ceart aige? Pléigh an cheist agus déan sampla leis an gcomhad idirghníomhach chun do fhreagra a mhíniú.

6. Cosnaíonn bróga €98.00 agus CBL ar ráta 22.5% san áireamh.

- a. Cén praghas a bhí ar na bróga, gan an CBL? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

- b. Cén méid CBL a ghearrfar ar na bróga sin? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

7. Chuir teaghlach síneadh lena dteach. Chosain an síneadh €19000 roimh an CBL. Ráta CBL 12% atá ar shaothar agus ráta CBL 21% atá ar ábhair. Cén costas iomlán a bheidh ann má chosain an saothar €8500 agus má bhí costas €10500 ar ábhair?

8. Cosnaíonn iris €2.60 agus tá ráta CBL 15% ar irisí. Cén costas a bhí ar an iris sular cuireadh an CBL leis?

9. Cheannaigh turasóir go hÉirinn geansaithe a chosain €289.05, agus CBL ar ráta 23% san áireamh. Dúradh leis gur féidir leis an CBL a fháil ar ais má thaispeánann sé an admháil agus é ag imeacht as an tír. Cén aisíocaíocht a bheadh dlite dó?
